Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Eanáir 2017
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2013/0157 (COD)**

5162/1/17
REV 1 ADD 1 REV 1

CODEC 24
TRANS 8
MAR 7
FIN 10

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun seirbhísí calafoirt a sholáthar agus rialacha comchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais calafort (**an chéad léamh**)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh (**GR + R**)<br>= ráitis |

## Ráiteas ón gCoimisiún le tacaíocht ón Spáinn

Measann an Coimisiún nár cheart aithris 45 a bheith curtha san áireamh ar na cúiseanna seo a leanas.

Ar an gcéad dul síos, ní bhaineann an aithris le haon cheann de théarmaí achtacháin agus dá bharr sin ní chomhlíonann sí prionsabail Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Sa chomhaontú sin, dhearbhaigh Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimsiún Eorpach go bhfuil siad tiomanta go hiomlán don chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le treoirlínte coiteanna i dtaca le cáilíocht dréachtaithe reachtaíocht an Chomhphobail, lena bhforáiltear gurb é is cuspóir le haithrisí cúiseanna gonta a leagan amach i gcás phríomhfhorálacha na dtéarmaí achtacháin, gan iad a atáirgeadh ná a athleagan, agus nár cheart forálacha normatacha ná aithisc pholaitiúla a bheith iontu.

Ina theannta sin, meabhraíonn an Coimisiún gur coincheap oibiachtúil é coincheap na Státchabhrach de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, a chumhdaítear sna Conarthaí agus nach bhfuil ar fáil do reachtóir an Aontais. Ní fhéadfaidh ach an Coimisiún nó na cúirteanna náisiúnta, i gcásanna sonracha, é a chur i bhfeidhm dá bhrí sin, faoi réir rialú chúirteanna an Aontais.

Anuas air sin, d'fhéadfadh friotal na haithrise mearbhall a chruthú. Ag féachaint do choincheap na Státchabhrach atá sna Conarthaí, ní fhéadfar a mhaoímh nach dtagann cistiú poiblí ar bhonneagar uile rochtana agus cosanta is inrochtana do na húsáideoirí uile ar bhonn neamhidirdhealaitheach i gcónaí faoi raon feidhme na rialacha Státchabhrach. Léiríonn cleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin, mar shampla, go bhféadfadh Státchabhair a bheith i gceist le cistiú poiblí ar bhonneagar áirithe rochtana a bheadh suite laistigh de limistéar calafoirt.

**<u>Ráiteas comhpháirteach ón nGearmáin, ón bPolainn, ón mBeilg agus ón bhFrainc</u>**

Ar ócáid an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat maidir le rochtain ar an margadh seirbhísí calafoirt agus trédhearcacht airgeadais calafort.

Tacaíonn an Ghearmáin, an Pholainn, an Bheilg agus an Fhrainc leis na cuspóirí atá á saothrú leis an Rialachán. Go háirithe, is díol sásaimh dóibh go bhfuil an Rialachán ceaptha chun feabhas a chur ar thrédhearcacht airgeadais na gcalafort Eorpach agus chun dlús a chur lena n-iomaíochas idirnáisiúnta.

Formheasann an Ghearmáin, an Pholainn, an Bheilg agus an Fhrainc an Rialachán ar an toimhde nach gcuirfear in aghaidh na comhréitigh ar thángthas orthu sa phróiseas reachtach ná na cinntí a bhaineann leo a ghlac reachtóirí le gníomhartha ábhartha eile, amhail an t-athbhreithniú ar an Rialachán Blocdhíolúine Ginearálta (GBER).

**<u>Ráiteas ón Ríocht Aontaithe</u>**

Is díol sásaimh don Ríocht Aontaithe gur lú go mór an muirear a bhaineann leis an Rialachán seo ná mar a bhí beartaithe i dtús aimsire. Mar sin féin, is oth le RA glacadh an Rialacháin, fiú san fhoirm leasaithe, mar measann sí go bhfuil na forálacha atá ann (seachas na forálacha lena gcuirtear trédhearcacht ar chistiú poiblí chun cinn) neamhriachtanach agus mí-iomchuí go maith chun infheistiú agus éifeachtúlacht ag calafoirt na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe ag calafoirt RA. Agus í den tuairim go mbeadh éifeacht dhochrach aige ar chalafoirt iomaíocha éifeachtúla RA, votálann an Ríocht Aontaithe i gcoinne an Rialacháin.

Bunaithe ar an taithí ó earnáil chalafoirt RA le scór éigin bliain anuas ar a laghad, earnáil atá dírialaithe, iomaíoch, faoi úinéireacht phríobháideach den chuid is mó agus nach bhfaigheann ach beagán fóirdheontas, is léir i gcás calafoirt dírialaithe a fheidhmíonn i dtimpeallacht na hiomaíochta córa go bhféadfaidh siad infheistiú agus go ndéanfaidh siad an t-infheistiú sin chun go bhforbróidh siad i gcomhréir leis na riachtanais iompair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

## Ráiteas ón Iodáil

Ar ócáid an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat maidir le rochtain ar an margadh seirbhísí calafoirt agus trédhearcacht airgeadais calafort, cé go dtacaíonn an Iodáil leis na cuspóirí atá á saothrú leis an Rialachán (is díol sásaimh di go háirithe bhfuil go bhfuil an Rialachán ceaptha chun feabhas a chur ar thrédhearcacht airgeadais na gcalafort Eorpach agus chun dlús a chur lena n-iomaíochas idirnáisiúnta), is mian léi a himní a chur in iúl faoi bhoinn eile dlí atá fós faoi chaibidil, a bheadh le cur i bhfeidhm ar an ábhar céanna (calafoirt), rud a d'fhéadfadh teacht salach ar rialachán Chalafoirt AE.

Dá bhrí sin, formheasann an Iodáil an Rialachán ar an toimhde nach gcuirfear na comhréitigh ar thángthas orthu sa phróiseas reachtach ná na cinntí a bhaineann leo a ghlac reachtóirí i mbaol le gníomhartha nó le tionscnaimh ábhartha eile, eadhon na cinn sin a dhéanann Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin gan an próiseas comhchinnteoireachta - amhail an t-athbhreithniú ar an Rialachán Blocdhíolúine Ginearálta (GBER) nó an fiosrúchán ar fheidhmiú agus ar chánachas calafort - mura ndéantar tástáil ar an gcomhleanúnachas roimh ré i ndianchomhar leis na hArd-Stiúrthóireachtaí uile lena mbaineann.

Ba mhaith leis an Iodáil aird a tharraingt go háirithe ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach a luaitear sa chomhsheasamh (féach litir chuig na Coimisinéirí Bulc and Vestager) ón nGearmáin, ón bPolainn, ón mBeilg agus ón bhFrainc (i.e. sainmhíniú ar bhonneagar calafoirt, ar dhreideáil, coincheap "tionscadal aonair" i gcás na n-infheistíochtaí uile a dhéantar sa chalafort céanna ar feadh tréimhse 3 bliana). Go dtí seo níor glacadh go sainráite ach leis an iarraidh ó na Ballstáit aon tagairt do ré na lamháltas a tharraingt siar. D'ardaigh go leor Ballstát saincheisteanna eile i ndáil le calafoirt ar ócáid an dara comhairliúchán maidir le hathbhreithniú GBER agus luaigh siad Bonneagair na Meithle chomh maith a bhfuil an chosúlacht ann nár thug an Coimisiún Eorpach ar aird iad mar ba chuí.

Mar bhonn leis an ngannmheasúnú sin, tá an chuma air go raibh síneadh ró-fhada leis an mbreithiúnas dá ngairtear "Leipzig Halle", rud a chruthaíonn den chéad uair gur cuimsíodh rialacha earnála maidir le Státchabhair in GBER gan tástáil a bheith déanta orthu roimhe sin trí threoirlínte sonracha a dhréachtú agus a chur chun feidhme, mar a tharla i gcás gach beart eile a bhaineann le dlí bog (maidir le FBManna, cabhair réigiúnach, an Comhshaol & Fuinnimh agus mar sin de).

Dá bhrí sin, tathantaíonn an Iodáil ar CE gealltanas a thabhairt go dtabharfaidh sé tuilleadh eolais faoina thionscadail idirghaolmhara a bhaineann le dlí bog nó le gníomh cumasaithe, chun a áirithiú go mbeidh siad comhleanúnach, agus tuairim na mBallstát a thabhairt ar aird agus dul i mbun comhairliúcháin leo arís sulagcuirfear an nos imeachta maidir le glacadh chun críche, b'fhéidir trí bhíthin cruinnithe déthaobhacha.